



Nuachtlitir na Naíonraí

Fómhar 2015

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

SAN EAGRÁN SEO:

ÁBHAR	LCH
BEARTAITHE DO 2016	2
NAÍONRA LIOS NA NÓG, TUAIRISC	3
CUAIRTEANNA, NAÍONRAÍ NUA, CRUINNITHE,	4
CIGIREACHT OI-DEACHAS-DHÍRITHE, COMÓRADH AR ÉILÍS UÍ DHÁLAIGH	5
TEISTIMÉIREACHTAÍ, SCÉIM TACAÍOCHTA TEANGA	6
AR AN SUÍOMH	7
COMHDHÁIL NA NAÍONRAÍ GAELACHA 2015	8
COMHDHÁIL OI-DEACHAIS GAELSCOILEANNA TEO. 2015. VACSÁINITE	9
SCÉIM LE CHÉILE TRÍ GHAEILGE 2015	10
NAÍONRA FHEIR-TÉARAIGH, SMAOINTE EALAÍNE	11-12



Athruithe móra san earnáil dheonach

Fáilte go dtí an chéad nuachtlitir foilsithe ag Gaeilscoileanna Teo. atá dírithe ar na luathbhlianta. Ó Iúil 2014, tá Gaeilscoileanna Teo. freagrach mar cheanneagraíocht as an ré-imse Tumoideachas, Gaeloideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge, maoinithe ag Foras na Gaeilge. Cuimsíonn ról nua na heagraíochta seirbhís tacaíochta do naíonraí, agus tá foireann Gaeilscoileanna Teo. ag tabhairt faoin obair seo le fonn agus díograis ó shin i leith.

Tá athruithe móra tagtha ar an earnáil dheonach lán-Ghaeilge le bliain anuas, agus faraor tháinig deireadh le Forbairt Naíonraí Teoranta mar eagraíocht ar an 30 Meitheamh 2015 nuair a cuireadh deireadh leis na socraithe maoinithe a bhí ag an eagraíocht le POBAL. Ba mhór le Gaeilscoileanna Teo. aitheantas a thabhairt don obair a rinne foireann agus bord Forbairt Naíonraí Teoranta ar son na naíonraí, agus ár mbuíochas a chur in iúl dóibh. Bhí comhoibriú maith againn leo thar na blianta, agus leanfaimid orainn ag comhoibriú leis Na Naíonraí Gaelacha, atá ag feidhmiú go fóill mar eagraíocht ionadaíochta na naíonraí.

Caighdeánú agus dearbhú cáilíochta

Tá na tacaíochtaí atá agus a bheidh ar fáil ó Gaeilscoileanna Teo. do naíonraí dírithe ar chaomhnú agus caighdeánú an tsoláthair lán-Ghaeilge do na luathbhlianta, d'fhonn deimhniú go mbeidh sé ar chumas na naíonraí leanúint leis an dea-obair atá á déanamh acu, agus muinín a bheith acu as a bhfuil á chur ar fáil acu do leanaí agus a dtuismitheoirí. Chuige seo, pléadh moladh maidir le caighdeán dearbhaithe cáilíochta do naíonraí ag cruinniú den choiste stiúrtha don tionscnamh taighde ar riachtanais na naíonraí i Lúnasa 2015. Aontaíodh gur thacaigh na torthaí taighde le cur i bhfeidhm caighdeán dearbhaithe cáilíochta, agus gur fiú féachaint i dtreo Mheán Fómhair 2016 mar spriocdháta, ach na tacaíochtaí cuí a bheith ann le naíonraí a ullmhú lena haghaidh. Tá iarratais maoinithe idir lámha leis na tacaíochtaí seo a chinntiú, agus scaipfear tuilleadh eolais maidir leis an scéim go luath.

Gaeilscoileanna Teo.

www.gaeilscoileanna.ie

oifig@gaeilscoileanna.ie | 01-8535195

Halla Naomh Pádraig,

Institiúid Oideachais Marino,

Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

Beartaithe do 2016

Tá fás leanúnach ag teacht ar an réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na naíonraí ó Gaelscoileanna Teo. Déantar athbhreithniú leanúnach ar a bhfuil á sholáthar ag an eagraíocht bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann muid ó stiúrthóirí naíonra, agus tá gach iarracht á déanamh tuilleadh maoiniú a aimsiú don earnáil d'fhonn cur leis na scéimeanna tacaíochta atá ar fáil. I measc na rudaí beartaithe do 2016, tá:

- ♦ Scéim tacaíochta teanga do Stiúrthóirí Naíonra
- ♦ Ceardlanna tumoideachais
- ♦ Scéim *Le Chéile Trí Ghaeilge*
- ♦ Scéim tacaíochta do choistí bunaithe
- ♦ Scéim tacaíochta do naíonraí nua
- ♦ Leabhair rolla agus timpiste
- ♦ Ábhar bolscaireachta
- ♦ Ceardlanna *Aistear* agus *Síolta*
- ♦ Cuairteanna comhairliúcháin maidir le forbairt na hearnála
- ♦ Treoirleabhar maidir le forbairt phobal an naíonra
- ♦ Ceardlanna margaíochta
- ♦ Acmhainní ar líne don naíonra
- ♦ Scéim árachais
- ♦ Nuachtlitir
- ♦ Painéal d'ionadaithe don naíonra
- ♦ Comhthionscadail le hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí

Tá maoiniú sa bhreis á lorg d'fhonn na nithe thíos a sholáthar:

- ♦ Speisialtóirí Naíonra
- ♦ Dianchúrsaí do Stiúrthóirí Naíonra
- ♦ Cúrsa Gaeilge ar líne do Stiúrthóirí Naíonra
- ♦ Scéim tacaíochta CDBO do Stiúrthóirí Naíonra
- ♦ Oiliúint ar Chosaint Leanaí
- ♦ Oiliúint gharchabhrach
- ♦ Treoirleabhar tumoideachais
- ♦ Forbairt scéim aistrithe ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge
- ♦ Scéim athchóirithe

Scaiptear gach eolas maidir le scéimeanna, deontais agus deiseanna oiliúna tríd an ríomhphost, mar sin deimhnigh, le do thoil, go bhfuil seoladh ríomhphoist cruinn againn do do naíonra. Is féidir seo a sheiceáil trí teagmháil a dhéanamh le riarthóir na hoifige, Jill, ar oifig@gaelscoileanna.ie nó 01 8535195.

Naíonra Lios na nÓg, Baile Átha Luain, ag foghlaim bhfaoín bhfómhar.

Tá na páistí go léir socraithe síos anois i Naíonra Lios na nÓg. Tá sárobair ar siúl acu sa seomra go dtí seo. D'fhoghlaim siad faoin bhfómhar - gráinneoga, ioraí rua agus duilleoga. Tá neart rann agus amhrán déanta acu freisin- Mise an Traein, Tic Toc, Roille, Roille Ráinne agus Mise Dic an Robo Glic ina measc. Thosaigh na páistí ar a gcuid leabhar oibre an tseachtain seo agus bhí siad breá sásta leo féin nuair a bhfuair siad stampaí as ucht an obair chrua a bhí á déanamh acu. Bhí an-spraoi againn sa halla ag imirt peile agus sa chlos ag cuardach duilleog don bhord dúlra! Seo roinnt ealaíne atá déanta ag na páistí.



Tuairisc thaighde ar riachtanais na naíonraí

Tá na tacaíochtaí atá agus a bheidh ar fáil ó Gaelscoileanna Teo. do naíonraí dírithe ar chaomhnú agus caighdeánú an tsoláthair lán-Ghaeilge do na luathbhlianta, d'fhone deimhniú go mbeidh sé ar chumas na naíonraí leanúint leis an dea-obair atá á déanamh acu, agus muinín a bheith acu as a bhfuil á chur ar fáil acu do leanaí agus a dtuismitheoirí. Chuige seo, pléadh moladh maidir le caighdeán dearbhaithe cáilíochta do naíonraí ag cruinniú den choiste stiúrtha don tionscnamh taighde ar riachtanais na naíonraí i Lúnasa 2015. Aontaíodh gur thacaigh na torthaí taighde le cur i bhfeidhm caighdeán dearbhaithe cáilíochta, agus gur fiú féachaint i dtreo Mheán Fómhair 2016 mar spriocdháta, ach na tacaíochtaí cuí a bheith ann le naíonraí a ullmhú lena haghaidh. Tá iarratais maoinithe idir lámha leis na tacaíochtaí seo a chinntiú, agus scaipfear tuilleadh eolais maidir leis an scém go luath.

Riachtanais na Naíonraí/Naíscóileanna.

Máire Mhic Mhathúna agus Cathy Kelleher



Naíonraí Nua

I mbliana tá naoi naíonra nua tar éis a ndoirse a oscailt. Ba mhaith le Gaelscoileanna Teo. gach rath a ghuí orthu sna blianta amach rompu. Beidh gach tacaíocht ar fáil dóibh agus iad ag cur tús leis an aistear nua seo. I measc na seirbhísí atá ar fáil do naíonraí nua faoi láthair, tá deontais do naíonraí nua, an scéim tacaíochta teanga, seisiúin comhairliúcháin agus cúnamh maidir le hacmhainní don seomra. Beidh an eagraíocht ag tabhairt tacaíochta chomh maith do na seirbhísí luathbhlianta gur mian leo naíonra a oscailt in 2016 chomh maith. Is iad seo a leanas na naíonraí atá tar éis oscailt in 2015:

- ♦ An Naíonra ag Little All Stars, Gaillimh
- ♦ An Naíonra ag The Nest Crèche (Cionn Sáile), Baile Átha Cliath
- ♦ An Naíonra ag The Nest Crèche (Droim Conrach), Baile Átha Cliath
- ♦ An Naíonra Toddle Inn, Corcaigh
- ♦ Deirdre's Montessori Naíonra, Corcaigh
- ♦ Naíonra Chaladh an Treoigh, Luimneach
- ♦ Naíonra Ghaelscoil de hÍde (athoscailt), Gaillimh
- ♦ Naíonra Ghlasáin, Gaillimh
- ♦ Naíonra Helga, Baile Átha Cliath

Cuairteanna ar Naíonraí

Creideann Gaelscoileanna Teo. go bhfuil moltaí agus tuairimí an stiúrthóra naíonra lárnach agus muid ag forbairt seirbhísí tacaíochta don earnáil. I mbliana tá oifigigh forbartha na heagraíochta tar éis cuairt a thabhairt ar bhreis is 120 naíonra. An sprioc atá leis na cuairteanna ná breith suas le stiúrthóirí naíonra faoi conas atá ag éirí lena naíonra féin, chomh maith le moltaí agus tuairimí a fháil maidir leis na seirbhísí ar féidir le Gaelscoileanna Teo. a chur ar fáil amach anseo. Scaiptear pacáistí tacaíochta agus eolas maidir leis na scéimeanna atá dírithe ar naíonraí chomh maith. Tá clár cuairteanna á chur le chéile faoi láthair don bhliain nua amach romhainn. Is cinnte go mbeidh ár n-oifigigh forbartha Cormac nó Ciara i dteagmháil go luath ach más mian le haon stiúrthóir cuairt a shocrú ní gá ach teagmháil a dhéanamh linn san oifig.

Ciara 01 805 7736 ciara@gaelscoileanna.ie

Cormac 01 805 7731 cormac@gaelscoileanna.ie

Cruinnithe, comhdhálacha agus ócáidí

Tá foireann Gaelscoileanna Teo. gnóthach i mbliana ag tabhairt cuairt ar naíonraí ar fud na tíre agus ag freastal ar chruinnithe agus comhdhálacha maidir le réimse na luathbhlianta. Tugadh cuairt comhairliúcháin ar 120 naíonra go dáta agus leanfar leis an gclár seo go mbeidh cuairt tugtha ar gach naíonra. Seo thíos roinnt de na heagrais agus forais stáit a bhfuil an eagraíocht ag plé leo faoi láthair:

Cigirí na Roinne Oideachais & Scileanna
Coiste Comhairleach um Riachtanais na Naíonraí

Coistí Cúram Leanaí

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Early Childhood Ireland

Mary McLoughlin agus Anne-Marie Brooks, An Roinn

Leanaí & Gnóthaí Óige

Na Naíonraí Gaelacha

National Early Years Children First Committee

National Voluntary Childcare Collaborative

POBAL



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta Teoranta



Na
Naíonraí
Gaelacha

Cigireacht Oideachas-dhírithe i Suíomhanna Luath-óige



Cuirfear tús i mbliana le scéim phiolótach de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna, ina mbeidh cigirí luath-óige ag tabhairt cuairt ar sheirbhísí luath-óige a ghlacann páirt sa scéim um Chúram agus Oideachas sna Luathbhlianta (ECCE) le measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais sna seirbhísí. Ní thabharfar fógra roimh ré faoin gcigireacht, agus mairfidh sí ar feadh lá amháin. Tá creatlach cáilíochta foilsithe ag an Roinn Oideachais & Scileanna maidir leis an scéim seo augs tá sé ar fáil ar www.gael scoileanna.ie/cigireacht-oideachas-dhirithe-i-suiomhanna-luath-oi ge i nGaeilge agus i mBéarla. Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé leis an Roinn maidir le himpleachtaí na scéime do na naíonraí, agus freastal na scéime ar sheirbhísí luath-óige lán-Ghaeilge.

Is í forbairt teanga ceann de na príomhaidhmeanna atá ag baint le foghlaim i naíonraí atá rannpháirteach sa scéim ECCE. I gcreatlach cáilíochta

na Roinne, baineann na tagairtí do 'teanga' le Gaeilge i gcás soláthar trí mheán na Gaeilge. Níl sé i gceist ag an Roinn Oideachais & Scileanna go mbeidh cumas Gaeilge na stiúrthóirí naíonra á mheas go díreach laistigh den chontanaim ar cháilíocht an tsoláthair. Ainneoin sin, tá sé i gceist measúnú a dhéanamh ar chumas na stiúrthóirí tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna teanga na leanaí. Mar chuid den mheasúnú sin, díreofar aird faoi leith ar conas a léiríonn na stiúrthóirí an teanga chuí do na leanaí sna suíomhanna luathbhlianta agus ar conas a chothaítear teanga éiritheach na leanaí.

Tabharfaidh na cigirí aiseolas agus comhairle phraiteiciúil do chleachtóirí, chomh maith le moltaí maidir leis an mbealach ar féidir feabhas a chur ar an soláthar i suíomhanna dá leithéid d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí. Tabharfar deis do dhaoine atá ag obair in earnáil na luath-óige a dtuairimí a nochtadh ar an mbealach a chuirfear an chigireacht seo i gcrích. Tá tuilleadh eolais maidir leis an scéim ar fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an Roinn trí ríomhphost a sheoladh chuig eyei@education.gov.ie nó glaoch a chur ar 01 8896516.

Ar Dheis Dé go Raibh a hAnam

Comóradh ar Éilís Uí Dhálaigh

Ba mhór le Gaelscoileanna Teo. comhbhrón ó chroí a dhéanamh le muintir Éilís Bean Uí Dhálaigh (née Nic Shim) ó Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí, a cailleadh i mí Lúnasa. Bhí baint mhór ag Éilís Uí Dhálaigh le Conradh na Gaeilge agus le coistí náisiúnta na naíonraí ó na 1960idí, agus meastar gurb í a bhunaigh an chéad naíonra lán-Ghaeilge. Guímis suaimhneas síoraí uirthi.



Teistiméireachtaí ar fáil

An bhfuil teistiméireacht de dhíth ó stiúrthóirí an naíonra? De réir Rialachán 8, is gá go mbeadh teistiméireachtaí ag gach ball foirne sa naíonra agus lorgófar iad nuair a bheidh cigireacht á déanamh ar an tseirbhís. Más gá teistiméireacht suas chun dáta a fháil do stiúrthóir, plé le hoifigigh forbartha Gaelscoileanna Teo. maidir le teistiméireacht scríofa a fháil ón eagraíocht.

Staitisticí á mbailiú

Tá sé i gceist ag Gaelscoileanna Teo. staitisticí ó na naíonraí a bhailiú chuile bhliain le cabhrú leis an eagraíocht eolas cruinn faoin earnáil a chur ar fáil. Tá na staitisticí á mbailiú againn faoi láthair i bhfoirm leictreonach, ní gá ach suirbhé simplí (dáttheangach) a chomhlánú. Tá an fhoirm ar fáil ar <https://www.surveymonkey.com/r/staitisticaionrai2015> agus seoladh an nasc ar ríomhphost chuig gach naíonra. Mura bhfuil sé faighte agat, seol ríomhphost chuig oifig@gaelscoileanna.ie le go mbeidh do sheoladh ríomhphoist ceart againn.

Tá na staitisticí seo riachtanach mar eolas tacaíochta agus Gaelscoileanna Teo. ag plé leis an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais & Scileanna agus eagraíochtaí eile ar son na naíonraí. Ní thabharfar aon eolas maidir le haon naíonra ar leith d'éinne agus is ar bhonn contae amháin a chuirfear staitisticí ar fáil go poiblí. Déan teagmháil linn ar 01 8535195 má tá aon cheist agat ina leith.

Scéim Tacaíochta Teanga

Tá an scéim phíolótach, *An Scéim Tacaíochta Teanga*, á reáchtáil ag Gaelscoileanna Teo. le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó tabhairt faoin scrúdú TEG. Faoi scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. D'fhéadfaí tabhairt faoi scrúdaithe Gaeilge TEG, ranganna oíche, cúrsa Gaeilge ar líne, sainchúrsa teanga, dianchúrsa gramadaí, cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht nó d'fhéadfaí oiliúnoir a thabhairt isteach le cúrsa a sholáthar don naíonra féin nó i gcomhpháirt le naíonra(i) eile sa cheantar, má oireann.



Tapaigh an deis! Níl ach buiséad teoranta againn don scéim, agus ceadófar iarratais ar bhonn tús freastail. An spriocdháta d'iarratais ná an 18 Nollaig 2015 le n-é a phróiseáil roimh deireadh na bliana. Le hiarratas a dhéanamh ar an scéim, téarmaí agus coinníollacha na scéime a léamh nó tuilleadh eolais a fháil, ní gá ach breathnú faoi scéimeanna ar shuíomh Gaelscoileanna Teo. (www.gaelscoileanna.ie/sceimeanna/sceim-tacaiochta-teanga-do-stiurthoiri-naionra)

Naíonra Chaitlín Maude, Rang 1 le Bairre Uí Riain mar theagascóir

Tá 29 naíonraí tar éis leas a bhaint as an scéim go dtí seo i mbliana. Tá Naíonra Chaitlín Maude Teo. i mbun cúrsa le Bairre Uí Riain i láthair na huaire agus tá 20 stiúrthóirí cláraithe ar an gcúrsa sin. Deir Bairre go mbíonn dhá sheisiún in aghaidh an lae acu, 12.00-12.30 agus 12.45-1.15. Bíonn dhá rang acu in aghaidh na seachtaine, Dé Máirt agus an Déardaoin.

Tá an cúrsa bunaithe ar "Céimeanna Beaga", dhá chaibidil gach lá agus tá an struchtúr athraithe ó thosaigh Bairre leo le chur in oiriúint do na daltaí i dtaobh caighdeán de agus chun an rang a dhéanamh níos-suimiúla dóibh.

Ábhar Bolscaireachta

Cuireann Gaelscoileanna Teo. réimse éagsúil ábhar bolscaireachta maidir leis an tumoideachas ar fáil saor in aisce do naíonraí. D'fhéadfadh na leabhráin agus bileoga eolais seo bheith an-úsáideach don téarma nua, mar aon le laethanta agus oícheanta eolais do thuismitheoirí, ach go háirithe. Má theastaíonn cóipeanna crua den ábhar seo uait do do naíonra féin, déan teagmháil le Jill san oifig ar 01 8535195 nó oifig@gaelscoileanna.ie. Beidh bileog eile dírithe go hiomlán ar obair an naíonra á forbairt againn sna míonna romhainn agus má tá moltaí ar bith agat maidir leis an ábhar sin, is féidir teagmháil a dhéanamh le Clare ina leith; 01 8535193 nó clare@gaelscoileanna.ie.

Polasaithe agus Foirmeacha Samplacha

Tá bunachar polasaithe agus foirmeacha samplacha do naíonraí curtha ar fáil againn ar [shuíomh Gaelscoileanna](#). Ina measc, gheofar polasaithe agus foirmeacha úsáideacha a bhaineann le cúrsaí fostaíochta agus earcaíochta, cúram leanaí, agus sláinte agus sábháilteacht. Ba mhian le Gaelscoileanna Teo. buíochas a ghabháil leis na naíonraí a roinn a gcuid doiciméad go fial flaithiúil linn go dáta. Tá muid cinnte go mbeidh an bunachar seo fíorúsáideach do naíonraí agus iad ag athnuachan a gcuid polasaithe féin.

Ba chóir do naíonraí na rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006 a leanúint, agus polasaithe a bheith acu a thagann leis na rialacháin sin. Tá gach eolas maidir leis na rialacháin le fáil ó Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Ar an Suíomh

Eolaire

Foilseofar eolaire ar [shuíomh Gaelscoileanna](#) go han-luath, le sonraí na naíonraí a chuireann luath-thumoideachas lán-Ghaeilge ar fáil. Acmhainn an-úsáideach a bheidh ann do thuismitheoirí/cúramóirí agus iad ag cuardach naíonra dá ngasúir. Beidh léarscáil idirghníomhach inchuadaithe ann, mar aon le sonraí teagmhála an naíonra.

Grúpa Facebook



Tá grúpa príobháideach [Facebook](#) cruthaithe againn do stiúrthóirí naíonra chun deis a chur ar fáil do stiúrthóirí ar fud na tíre fóram plé a bheith acu lena chéile, áit chun folúntais a fhógairt agus acmhainní úsáideacha/pleananna ceachta a roinnt ar a chéile. Is ó aiseolas a bhfuair muid le linn ár gcuid cuairteanna i mbliana a bunaíodh an grúpa dúnta seo agus tá súil againn go rachaidh sé go mór chun leasa na naíonraí sa bhliain amach romhainn. Roinnfear eolas maidir le ceardlanna oiliúna agus eolas uasdátaithe ón earnáil ar bhonn rialta ann freisin.

Acmhainní

Bunaithe ar aiseolas ó na cuairteanna naíonra sa téarma deireanach, tá tús curtha againn le liosta acmhainní úsáideacha Gaeilge do naíonraí ar ár suíomh Idirlín. Má tá aon acmhainní luachmhara eile ar eolas agat atá in easnamh ónár liosta, ba bhreá linn iad a chloisteáil chun iad a roinnt le stiúrthóirí eile ar fud na tíre.

<http://www.gaelscoileanna.ie/acmhainni-naionrai/>

Comhdháil na Naíonraí Gaelacha 2015

Is eagrais deonach neamhspleách é Na Naíonraí Gaelacha (NNG) a bunaíodh i 1974 do Stiúrthóirí Naíonra.

Reáchtáiltear Comhdháil Bhliantúil Na Naíonraí Gaelacha gach bliain i mí Dheireadh Fómhair agus bíonn léachtaí agus seimineáir spéisiúla ar siúl. Bhí Comhdháil 2015 ar siúl ar an 2 agus 3 Deireadh Fómhair i mBaile Átha Luain sa Prince of Wales Hotel.

Bhain gach éinne a bhí i láthair idir thaitneamh agus tairbhe as na ceardlanna éagsúla.



Comhdháil Oideachais Gaelscoileanna Teo. 2015

Beidh Comhdháil Gaelscoileanna Teo. ar siúl ar an **20 agus 21 Samhain 2015** san **Óstán Sheraton, Baile Átha Luain.**

Is é téama na Comhdhála i mbliana ná **‘Forás Feasa, Saothrú Chun Feabhais’**, téama a dhíríonn ar an tábhacht taithí a roinnt agus foghlaim óna chéile agus muid ag obair i dtreo barr feabhais a bhaint amach i gcónaí.

Ba mhór ag Gaelscoileanna Teo. dá mbeadh ionadaithe na naíonraí in ann freastal ar an gComhdháil. Creidimid gur infheistíocht mhaith don naíonra í an íocaíocht seo agus go gcuirfidh sé go mór le hoiliúint na stiúrthóirí. Tá gach eolas maidir le táillí agus clárúchán ar fáil anseo: <http://www.gaelscoileanna.ie/comhdhail/>.

Beimid ag tnúth go mór le bualadh leatsa.

Dréacht-Chlár na Comhdhála

Dé hAoine 20 Samhain 2015

09.00 – 09.30: Clárú

09.30 – 10.00: Oscailt oifigiúil

10.00 – 11.30: Léacht na Comhdhála

11.30 – 12.00: Tae, caifé agus seastáin

12.00 – 13.15: Rogha ceardlann do

bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna,

seisiún plé maidir leis an t-athbhreithniú ar an oideachas Gaeltachta

13.15 – 14.15: Lón

14.15 – 15.30: Rogha ceardlann do

bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna

15.30 – 16.00: Tae, caifé agus seastáin

16.00 – 17.00: Grúpaí sainspéise scoile

17.00 – 18.00: Seastáin

16.00 – 18.30: 2 cheardlann dírithe ar naíonraí lán-Ghaeilge

19.30 – 20.15: Fáiltiú fóna

20.15: Dinnéar na Comhdhála, aoi chainteoir, crannchur, comhluadar agus céilí!

Dé Sathairn 21 Samhain 2015

9.30 – 10.30: Ceardlann

10.30 - 12.00: Cruinniú Cinn Bliana

Vacsáinthe/ Imdhíontaí

Tá go leor ball de chuid Luath-óige Éireann (Early Childhood Ireland) tar éis dul i dteagmháil le Support Point le déanaí chun ceistanna a ardú maidir le vacsaínithe agus ar chóir go mbeadh vacsaíniú ar pháistí atá ag freastal ar an tseirbhís.

Ní riachtanais de réir an dlí é go mbeadh páiste vacsaínithe, is rud roghnach do thuismitheoirí é. Mar gheall air sin, níl sé riachtanach go mbeadh páiste vacsaínithe le freastal ar an tseirbhís. Mura bhfuil páiste vacsaínithe, áfach, ba chóir taifead a dhéanamh air seo agus é a chóiméad i gcomhad le cinntiú go gcomhlíontar rialacháin na réamhscoile.

Is féidir le baill Luath-óige Éireann teagmháil a dhéanamh le Support Point ar 01 4040681 má tá aon cheistanna acu maidir le vacsaínithe/ imdhíontaí nó aon ghnó eile.

Scéim Le Chéile Trí Ghaeilge 2015

Tá Gaelscoileanna Teo. ag cur deontas ar fáil do naíonraí tríd an scéim ‘Le Chéile Trí Ghaeilge’. Bíonn an-tóir ar na deontais, agus molaimid do naíonraí an deis a thapú agus iarratas a dhéanamh!

Tríd an scéim seo, bíonn deis ag naíonraí agus scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le naíonraí agus/nó scoileanna eile. Cuireann Gaelscoileanna Teo. uasmhéid de:

- €250 / £225 ar fáil d’imeacht le 2 naíonra/scoil rannpháirteach ann
- €500 / £450 d’imeacht le 3 naíonra/scoil nó níos mó rannpháirteach ann
- €750 / £675 más 4 naíonra/scoil nó níos mó atá le bheith rannpháirteach.

Tugann na himeachtaí seo deis thábhachtach do naíonraí agus do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nasc a chruthú le chéile. Ó thráth na gceist go cluichí peile, spreagann na himeachtaí ilghnéitheacha seo cumarsáid agus spraoi trí mheán na Gaeilge, rud a théann chun leasa an naíonra agus na scoile, chun leasa na bpáistí agus na ndaltaí agus chun leasa an phobail. Tá liosta ar ár suíomh d’eagraíochtaí a chuireann seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil agus seans go mbeidh spreagadh ann daoibh agus sibh ag pleanáil i dtreo imeacht a reáchtáil.

Go dtí seo i mbliana, tá 30 naíonra tar éis leas a bhaint as an scéim agus d’eagraigh siad gach cineál imeachta. Seo cúpla focal ó naíonraí a d’úsáid an deontas chun imeacht a reáchtáil:

“D’eagraigh an Naíonra dioscó i bpáirt le múinteoirí naíonáin shóisir sa bhunscoil agus tuismitheoirí. Bhí DJ ann agus bhain na páistí an-sult as an damhsa agus an deis bualadh le páiste na bunscoile.”

*Gwen Uí Riain, Stiúrthóir,
Naíonra Iognáid*

“Mar chuid den téama Earrach a bhí ar bhun, chuamar ar cuairt ar Choill Bhearna in éineacht le páistí ó Scoil Naomh Sheosaimh. Bhí siúlóid nádúrtha ag na páistí timpeall na coille ag breathnú ar bhláthanna agus plandaí éagsúla agus bhí deis spraoi ag na páistí sa chlós súgartha i ndiaidh na cuairte.”

Cáit Ní Chatháin, Stiúrthóir, Naíonra

“Ghlac an Naíonra páirt i gceolchoirm Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge in éineacht le scoileanna áitiúla sa cheantar. Bhí na páistí ag canadh, ag rá dánta, ag aisteoireacht agus ag seinm ceoil.”

Máiréad Uí Chrónín, Cathaoirleach, Naíonra Bheanntraí

“Chuamar, Naíonra Cholmcille i Sord, ar thuras go feirm Dhroichead Nua i nDomhnach Bat ar Lá na Naíonraí in éineacht le Naíonraí eile. Chonaiceamar muc millteanach mór dubh, gabhair, asail, cúpla bó agus go leor sicíní beaga buí. Bhí an aimsir go hálainn agus bhí picnic den scoth againn.”

Eilís Mhic an Iascaire, Stiúrthóir, Naíonra Cholmcille

“Bhí Lá Scléipe ag an naíonra le picnic agus cóisir. Bhí bréagáin ceannaithe do pháistí an naíonra agus tá na bréagáin sin in úsáid sa naíonra ó shin.”

Caitlín Uí Aidicín, Stiúrthóir, Naíonra Mhol an Óige

“Chuaigh an naíonra ar thuras nádúrtha chun féachaint ar chrannóg agus fulacht fia le páistí ó naíonáin bheaga i nGaelscoil Dr Uí Shúilleabháin.”

Áine Ní Bhuachalla, Stiúrthóir, Naíonra Phobail an Sciobairín

Bricfeasta ar an mBuailtín!

Bhí maidin iontach ar scoil ag Naíonra agus Scoil Fheirtéaraigh, Dé Céadaoin an 13ú do Bhealtaine. Shocraigh an scoil go siúlfadh gach éinne ar scoil an mhaidin sin. Fé mar a deir an seanfhocal 'giorraíonn beirt bóthar' agus mar sin a bhí againn mar bhí páirtneir ag gach éinne agus thug sé deis do gach éinne comhrá deas a bheith acu ar an tslí ar scoil.

Bhailigh gach éinne isteach i halla na scoile ansan agus bhí grúpa tuismitheoirí gnóthach ó mhaidin ag ullmhú bricfeasta folláin dúinn. Bhí babhla torthaí, sú agus arán donn ann do gach éinne agus líon gach éinne a mbolg.

Bhí Naíonra an Fheirtéaraigh i láthair agus bhaineadar súp as an mbricfeasta is an cleachtadh ar fad. Fuaireadar go léir a n-aghaidheanna maisithe go haoibhinn ag leanaí na hArdranganna. Bhí gach aon saghas ainmhí ina measc ansan.



Cuireadh ar siúl 'Anam an Amhrán' agus bhí gach éinne ag canadh na n-amhrán le chéile. Bhí cúpla port ceoil againn ós na leanaí agus bhí bronnadh na nduaiseanna againn don gcomórtas 'seanfhocail'. Seo comórtas ealaíne chun pictiúr a tharraingt leis an seanfhocal is fearr leo. Bhí bonn speisialta do gach éinne a thóg páirt. Maidin thaitneamhach Ghaelach a bhí ann do gach éinne.

Míle buíochas dos na múinteoirí a d'eagraigh é, na tuismitheoirí a chabhraigh leis, an naíonra a chur go mór leis mar ócáid agus Gael Linn a dhein urraíocht ar an smideadh, na boinn, agus na duaiseanna.

Crann Fómhair

Ag teastáil:

Scuab shoithí (ceann ciorclach)


Péint in-nite

Teimpléad de chrann

Conas é a dhéanamh:

Priontáil an teimpléad crainn roimh ré. Ullmhaigh dathanna oiriúnacha don bhfómhar (buí, oráiste, donn, dearg) agus tabhair deis do chuile pháiste an scuab shoithí a úsáid chun duilleoga a chur ar a gcrann. Is féidir an crann a chríochnú le péint dhonn a chur ar chorp an chrainn. Cuir na pictiúir ar leataobh ansin chun iad a thriomú.

Foinse: <http://www.craftymorning.com/fall-tree-craft-using-dish-brush/>



Smaointe Ealaíne

Ba mhaith linn bunachar a chur le chéile le smaointe, acmhainní agus ceachtanna ginearálta don naíonra a roinnt sna míonna amach romhainn. Má tá aon acmhainní úsáideacha agaibh a mbeadh sibh sásta a roinnt ar stiúrthóirí naíonra eile, céad fáilte romhaibh iad a chur ar aghaidh chuig Ciara. Is agaibhse an saineolas agus tá muid ag brath ar dhea-thoil stiúrthóirí chun cur leis an mbunachar seo ar bhonn rialta leanúnach! Tá sé mar sprioc againn bunachar cuimsitheach le smaointe éagsúla a bheith ann roimh dheireadh na bliana agus meastar go rachadh sé go mór chun tairbhe agus leasa na hearnála oideachas luathbhlianta Gaeilge. Má tá aon mholtaí ginearálta agaibh i dtaobh an ghrúpa seo, déan teagmháil le Ciara ar 01 805 7736 nó ciara@gaelscoileanna.ie

Seo cúpla smaoineamh ar théama an fhómhair a bailíodh go dtí chun tús a chur leis an mbunachar seo.

Má tá tú toilteanach acmhainní, smaointí agus cabhair a roinnt le daoine eile, seo an grúpa duitse!



Crann fómhair déanta as rolla páipéar leithris agus méarphéinteáil.

Ealaín shimplí dheas! Bealach maith chun na páistí a chur ag smaoineamh faoi tháirgí a athchúrsáil agus an dúlra ag an am céanna.

Foinse: <http://www.mpmschoolsupplies.com/ideas/2376/fall-fingerpainting-create-an-autumn-tree/>

Crann ildáite déanta as méarphéinteáil

Ealaín dheas chun dul siar ar an teanga a bhaineann leis an bhfómhar agus na dathanna.

Foinse: <http://www.mpmschoolsupplies.com/ideas/2376/fall-fingerpainting-create-an-autumn-tree/>



Bealach deas chun scileanna mínluaileacha a chleachtadh leis na páistí agus téama an fhómhair ar bun sa seomra.

Foinse: <http://www.cuttingtinybites.com/2014/10/fine-motor-fall-yarn-wrapping.html>